

Gaelscoil na Lochanna

Ráiteas ón mBord Bainistíochta



Bhuail an Bord le chéile Déardaoin, 19 Meán Fómhair 2019. *(The Board met on Thursday, 19 September 2019.)*

Foireann na Scoile (School Staff)

Ba mhaith leis an mBord fáilte a chur roimh múinteoir nua, Caoimhe Ní Mhaonaile, chun na scoile. *(The Board would like to welcome our new teacher, Caoimhe Ni Mhaonaile, to the school.)*

Forbairt, Foghlaim agus Fás (Development, Learning and Growth)

Tá feabhas curtha ar dhreach na scoile le déanaí le postaeir nua agus le hathphéinteáil. Tá sé beartaithe gairdín a fhorbairt chomh maith. *(The school's appearance has been enhanced recently with new posters and repainting. It is planned to develop a new garden also.)*

Tá fearas nua ceannaithe ag an scoil, agus tá cur chuige TCLL (Tadhaill-Clóscríobh-Léigh-Litrigh) curtha i bhfeidhm mar thacaíocht i gcúrsaí litearthachta. *(The school has bought new equipment, and the TTRS (Touch-Type-Read-Write) approach has been implemented as a support in literacy.)*

Tá breis tacaíochta á cur ar fáil sa mhatamaitic 'sna seomraí ranga agus múinteoir tacaíochta i láthair le cuidiú le stáisiúin oibre. *(More support is being provided in mathematics in the classroom with a support teacher present to help with work stations.)*

Tá leabhair Bhéarla agus Ghaeilge bhreise curtha ar fáil, agus beidh daltaí Ranganna 2-5 páirteach sa MS Readathon chun an léitheoireacht a spreagadh. *(Extra English and Irish books have been supplied, and pupils in 2nd-5th Class will participate in the MS Readathon to encourage reading.)*

Leanfaidh an córas measúnaithe ar an scríbhneoireacht ar bhonn scoile, dírithe ar obair sna cóipleabhair agus ar Seesaw ar iPadanna. *(The school-wide system of assessing written work will continue, with a focus on work in copies and on Seesaw on iPads.)*

Bainfear úsáid as néal urlabhra intaifeadta chun obair labhartha na naonán a thaifeadadh. *(A recordable speech cloud will be used to record the oral work of the infant classes.)*

Cuirfear breis imeachtaí ar fáil dár ndaltaí i rith na bliana - iománaíocht agus peil i gcomhair le Cumann na mBunscol; Futsal, i comhair leis an FAI, do dhaltaí Ranganna 3 agus 4; ceardlanna amhránaíochta do 'chuile rang. *(More activities will be made available for our pupils this year - football and hurling in conjunction with Cumann na mBunscol; Futsal, in conjunction with the FAI, for 3rd and 4th Class pupils; singing workshops for all classes.)*

Maraon leo seo ar fad, beidh ranganna iarscoile ar fáil - uailéile, fídl, banna ceoil agus gleacaíocht. *(As well as all of these, extracurricular classes in ukulele, fiddle, traditional music group and gymnastics will be provided.)*

Mar chuid de scéim *Erasmus*, tá turas chun na Breataine Bige ar na bacáin i mbliana, agus fócas aige ar inimirce agus ar an imshaol. *(As part of the Erasmus initiative, a trip to Wales is planned for this year, focusing on immigration and on the environment.)*

Deascéalta Eile (Other Good News)

Tá tús maith curtha le labhairt na Gaeilge i mbliana. Tús maith leath na hoibre - leanaimis leis! *(The use of spoken Irish has started off well this year. A good start is half the battle - let's keep it up!)*

Tá polasaí nua iompair atá bunaithe ar chur chuig aisríoch curtha i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana ar bhonn píolótach. Tá ag éirí go maith leis, de réir dealraimh. Fáilteofar roimh aiseolas no moltaí ina thaobh. *(A new behaviour policy, based on a restorative approach, has been implemented on a pilot basis since the start of the school year, and has been successful so far. Feedback or suggestions related to it are very welcome.)*

Traenáil Foirne (Staff Training)

Rinne cúigear dár bhfoireann traenáil sa gcur chuige aisríoch i rith an tsamhraidh, rud a thacaóidh go mór leis an gcóras nua iompair atá á chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach faoi láthair. *(Five of our staff members trained in restorative practice this summer, which will greatly enhance the new code of behaviour which is being piloted at present.)*

Tá traenáil déanta ag an bhfoireann ar RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ar na mallaibh, agus beidh breis traenála á dhéanamh acu i rith an téarma seo ar phlean digiteach na scoile agus ar chleachtais teagaisc a bhaineann leas as iPadanna. *(The staff did training in GDPR recently, and will be engaged in further training this term in the school's digital plan and in teaching methodologies which make use of iPads)*

Beidh an scoil dúnta do dhaltáí Dé Céadaoin, 6 Samhain toisc go mbeidh foireann na scoile ag freastal ar lá inseirbhíse do Churaclam nua Teanga na Bunscoile. *(The school will be closed to pupils on Wednesday, 6 November because the staff will be attending an inservice day for the new Primary Language Curriculum.)*

Cúrsaí Airgid (Financial Matters)

Rinneadh uasdátú ar bhuiséad na scoile. Tá an Bord sásta go bhfuil cuntais na scoile i gceart agus i gcóir. *(The school budget was updated. The Board is satisfied that the school accounts are in order.)*

Buailfidh an Bord le chéile arís Dé Céadaoin, 23 Deireadh Fómhair 2019. *(The Board will meet again on Wednesday, 23 October 2019.)*